Gaillimh le Gaeilge

Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla.

agus

"Staid teangeolaíoch chomhaimseartha na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a shonrú".

30 Eanáir 2012

Ag Bronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh na bliana seo caite, dúirt an tAire Stáit ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich T.D.: *"Tá an teideal Príomhchathair Dhátheangach na hÉireann tuillte go maith ag Gaillimh. Bhí an fhís seo ag Seosamh Ó hÓgartaigh do Ghaillimh ach táim cinnte gur mhaith leis an rud céanna a bheith le fáil ar fud na tíre. Is é sin an dúshlán atá amach romhainn".*

Is sa chomhthéacs seo a choimisiúnaigh Gaillimh le Gaeilge an comhlacht taighde neamhspleách, Edgecast Media Ltd., chun tabhairt faoi an staidéar ***"Staid teangeolaíoch chomhaimseartha na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a shonrú"***. Rinneadh an staidéar chun tacú le cás na Gaillimhe stádas dátheangach oifigiúil a bhaint amach di féin.

Beidh an staidéar seo á fhoilsiú i Mí Aibreán 2012 agus beidh sé mar fhoinse thábhacht eolais i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá á dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla faoi láthair. Creideann Gaillimh le Gaeilge go mbeidh ábhar treo agus moltaí tairbheacha sa tuairisc nuair a fhoilseofar é i Mí Aibreán 2012 agus nár mhiste go ndéanfaí scagadh orthu seo laistigh den chóras aighneachta reatha.

Dr. Iggy Ó Muircheartaigh

Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge